# IRELAND AT VENICE

IARRATAS AR THAIRISCINT

CREAT OIBRÍOCHTÚIL LE HAGHAIDH NA HÉIREANN SA VEINÉIS

Is comhpháirtíocht í Éire sa Veinéis idir Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon chun tacú le hionadaíocht na hÉireann ag La Biennale di Venezia (Biennale na Veinéise). Tá Biennale na Veinéise ar cheann de na taispeántais idirnáisiúnta ealaíne agus ailtireachta is mó le rá ar domhan. Cuireann an Biennale ardán mór domhanda ar fáil d'ealaíontóirí ó thíortha rannpháirteacha chun a saothar a chur ar taispeáint agus meallann sé lucht féachana de chriticeoirí idirnáisiúnta, piaraí agus an pobal i gcoitinne.

Tá Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chleachtas ealaíne agus ailtireachta comhaimseartha na hÉireann is fearr chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag Biennale na Veinéise. Trí rannpháirtíocht na hÉireann tá sé mar aidhm againn próifíl ealaíne agus ailtireachta na hÉireann a ardú agus ealaíontóirí agus ailtirí Éireannacha a chur i láthair ar leibhéal idirnáisiúnta ag an am céanna.

Seirbhísí riachtanacha

Chun a chinntiú go mbeidh an creat oibríochtúil is fearr i bhfeidhm ag Éire sa Veinéis chun ionadaíocht na hÉireann a roghnú, a acmhainniú agus a chumasú ag Biennale na Veinéise táimid ag lorg seirbhísí tairgeoirí atá cáilithe go cuí chun tabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- Measúnú criticiúil ar mhúnla roghnúcháin, acmhainní agus seachadta Éire sa Veinéis le hanailís ar na 14 eagrán dheireanacha (seacht ealaíne agus seacht ailtireachta) ó 2011;
- Measúnú ar aschuir agus ar thorthaí Éire sa Veinéis i ndáil le hailíniú straitéiseach agus luach deise;
- Tagarmharcáil idirnáisiúnta le cúig thír ar a laghad de scála comhchosúil le hÉirinn lena n-áirítear anailís ar mhúnlaí maidir le roghnú, acmhainní a chur ar fáil agus ionadaíocht náisiúnta a sheachadadh.

## Táirgí insoláthartha

Roghanna a mholadh don chreat oibríochtúil is fearr le haghaidh roghnú, acmhainní a chur ar fáil agus Éirinn a sheachadadh sa Veinéis sna deich mbliana amach romhainn. D'fhéadfadh sé go mbeadh roghanna difriúla beartaithe don ealaín agus don ailtireacht.

## Freagra ar Shonraíocht Tairisceana & Critéir le haghaidh measúnaithe

Déanfar tograí a mheas de réir an chritéir seo a leanas:

1. Modheolaíocht, cur chuige agus cumas atá beartaithe le seachadadh (lena n-áirítear taighde deisce; comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le hearnálacha; taighde idirnáisiúnta)
2. Taithí agus príomhthacar scileanna (lena n-áirítear ealaín agus ailtireacht)
3. Saineolas na bpríomhphearsanra, go háirithe a bhaineann le Biennale na Veinéise
4. Costas agus tréimhse ama don seachadadh

## Raon Feidhme an Chonartha

Beidh Cultúr Éireann i mbun bainistíochta ar an tionscadal. Táthar ag súil go dtosóidh an conradh seo i R1 2026 ar feadh tréimhse nach faide ná **cúig** mhí. Meastar nach bhfuil costas an chonartha níos mó ná €20,000. gan CBL san áireamh.

Garspriocanna an chonartha:

- Plean tionscadail réamhaontaithe
- Cur i láthair lárphointe ar phríomhléargais agus ar phríomhthorthaí
- An chéad dréacht-tuarascáil le haghaidh tuairimí
- Tuarascáil deiridh

## Tograí a chur isteach

Ba chóir tograí chun tabhairt faoin tairiscint seo a chur isteach tráth nach déanaí ná 5pm Dé Céadaoin, an 11 Feabhra 2026 chuig IrelandAtVenice@cultureireland.gov.ie

Le haghaidh aon cheisteanna maidir leis an tairiscint, déan teagmháil le IrelandAtVenice@cultureireland.gov.ie

AGUISÍNÍ

1. Maidir le Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon

## Maidir le Cultúr Éireann

Tá Cultúr Éireann freagrach as ealaíona na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain, deiseanna a chruthú agus tacú leo le go mbeadh ealaíontóirí agus cuideachtaí Éireannacha in ann a gcuid oibre a chur i láthair agus a chur chun cinn ag féilte agus ionaid idirnáisiúnta straitéiseacha. Forbraíonn Cultúr Éireann ardáin freisin chun saothar cruthaitheach Éireannach den scoth a chur i láthair lucht féachana idirnáisiúnta trí thaispeántais ag príomhimeachtaí ealaíon domhanda, lena n-áirítear Féile Dhún Éideann agus Biennale na Veinéise. Tacaíonn Cultúr Éireann le gairmeacha inbhuanaithe sna healaíona in Éirinn trí chabhrú le healaíontóirí Éireannacha a n-uaillmhianta idirnáisiúnta a bhaint amach agus a lucht féachana domhanda a mhéadú. In 2024, thacaigh Cultúr Éireann le breis is 5,500 cur i láthair ealaíne i mbreis is 50 tír do lucht féachana de bheagnach 7 milliún.

## Maidir leis an gComhairle Ealaíon

Is í an Chomhairle Ealaíon gníomhaireacht rialtais na hÉireann atá freagrach as na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, lucht déanta beartas poiblí agus daoine eile chun áit lárnach a thógáil do na healaíona i saol na hÉireann. Tá an Chomhairle Ealaíon á treorú ag a straitéis, *Saothar Ealaíne Iontach a Chruthú*.

Leagaimid síos beartais lena chinntiú go gcaitear ár maoiniú go léir go straitéiseach, go léiríonn ár ngníomhartha go léir leasanna fadtéarmacha an phobail agus go bhfuil ár gcinntí go léir trédhearcach agus cothrom.

Tá sé mar aidhm againn beartais a bheith againn atá reatha agus ábhartha agus a léiríonn ár ról mar shainghníomhaireacht sna healaíona.

I gcomhréir le rialacháin náisiúnta agus rialacháin an AE, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí, féachaimid lecleachtais chuimsitheacha a leabú a léiríonn luachanna na hearnála poiblí agus a fheabhsaíonn tionchar sóisialta ár soláthair, agus tá sé mar aidhm againn na naoi bprionsabal inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, claonadh gnéasach, cine, creideamh, ballraíocht i bpobal an Lucht Siúil den Acht um Stádas Comhionann a ailíniú le soláthar inbhuanaithe, chomh maith le cúlra socheacnamaíoch.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gComhairle Ealaíon, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.artscouncil.ie

2. Cúlra:

Tá Biennale na Veinéise ar cheann de na taispeántais idirnáisiúnta is mó le rá san ealaín agus san ailtireacht. Agus ardán mór á thairiscint acu d'ealaíontóirí ó thíortha rannpháirteacha chun a saothar a chur ar taispeáint, meallann an Biennale lucht féachana de chriticeoirí idirnáisiúnta, piaraí agus pobal i gcoitinne. In 2024, mheall pailliún na hÉireann (Eimear Walshe) lucht féachana de 727,926 le clúdach preasa idirnáisiúnta agus deiseanna suntasacha amach anseo do ghairm an ealaíontóra.

*Amharc-ealaíona*

Tá stair shuntasach ag baint le rannpháirtíocht na hÉireann i mBiennale na Veinéise, a théann siar go dtí taispeántas ealaíne 1950 nuair a rinne Nano Reid agus Norah McGuinness ionadaíocht ar an tír. Tar éis bearna cúig bliana is fiche, tugadh cuireadh do Dorothy Cross agus Willie Doherty páirt a ghlacadh sa Biennale in 1993.

*Ailtireacht*

Tionóladh an chéad Biennale Ailtireachta tiomnaithe sa bhliain 1980. Tá Éire rannpháirteach i mBiennale na hAiltireachta ón mbliain 2000 nuair a rinne Tom de Paor ionadaíocht ar an tír den chéad uair. Bhí an Roinn Gnóthaí Eachtracha freagrach le blianta fada as eagrú ionadaíocht na hÉireann ag Biennale na Veinéise. Ghlac Cultúr Éireann an ról seo i ndiaidh a bhunaithe in 2005 agus, ó shin i leith, tá ionadaíocht náisiúnta na hÉireann sa Veinéis curtha ar fáil i gcomhpháirt ag Cultúr Éireann agus ag an gComhairle Ealaíon.

Tá sainchúram ar leith ach comhlántach ag gach eagraíocht. Go sonrach, tacaíonn Cultúr Éireann le healaíona na hÉireann a chur i láthair agus a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le forbairt ghairmiúil ealaíontóirí, lena n-áirítear ailtirí, agus iad ag cur agus ag leathnú a gcleachtais trí dheiseanna thar lear. Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon freisin le turas náisiúnta ar an taispeántas chun a chinntiú go mbeidh an deis is fearr ag lucht féachana in Éirinn taithí a fháil ar shaothar a rinne ionadaíocht d'Éirinn ar an ardán domhanda agus dul i ngleic leis.